



An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2020/0102(COD)

14.9.2020

SEASAMH I BHFOIRM LEASUITHE

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár a bhunú do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte don tréimhse 2021-2027 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (“Clár EU4Health”)
(COM(2020)0405 – C9-0152/2020 – 2020/0102(COD))

Thar ceann an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne
Chrysoula Zacharopoulou (rapóirtéir)

PA_LegPosition

LEASUITHE

Déanann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne na leasuithe seo a leanas a chur faoi bhráid an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1 a) De réir Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, beidh sé d'aidhm ag an Aontas neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh, ag bunú phrionsabal an phríomhshruthaithe inscne.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(5) An 11 Márta 2020, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) gur paindéim dhomhanda a bhí i ráig úrnua an choróinvíris (COVID-19). An phaindéim is cúis le géarchéim sláinte dhomhanda nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe as ar eascair iarmhairtí socheacnamaíocha fiordhíobhálacha agus fulaingt an duine.

(5) An 11 Márta 2020, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) gur paindéim dhomhanda a bhí i ráig úrnua an choróinvíris (COVID-19). An phaindéim is cúis le géarchéim sláinte dhomhanda nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe as ar eascair iarmhairtí socheacnamaíocha fiordhíobhálacha agus fulaingt an duine, ***go háirithe i ngrúpaí áirithe sa tsochaí, lena n-áirítear othair, mná, cúramóirí agus daoine scothaosta.***

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5 a (nua)

(5 a) Bhí tionchar díréireach agus na bearta freagartha ina leith ar mhná, agus níor cheart go gcuirfeadh a iarmhairtí fadtéarmacha leis na neamhionannais atá ann cheana. Tá tearcionadaíocht ag mná ar feadh a saoil i dtaighde agus sonraí bithleighis agus sláinte. Mar thoradh air sin, tá bonn fianaise níos laige do mhná agus do dhaoine scothaosta chomh maith, agus tá leor riochtaí tearcdhiagnóisithe, amhail galar cardashoithíoch, i measc na mban. Tá táirgí míochaine níos sábháilte agus níos éifeachtaí do gach duine nuair a chuimsíonn staidéir taighde chliniciúla grúpaí daonra éagsúla. Chun neamhionannais agus éagothroidí sláinte a laghdú, ba cheart gnéas agus inscne a ionchorprú le linn an phróisis sláinte ó dhearadh prótacal trialach cliniciúla, anailís sonraí, measúnú teicneolaíochta sláinte agus rochtain ar chúram.

Leasú 4

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6**

(6) Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as a mbeartais sláinte, táthar ag súil go ndéanfaidh siad an tsláinte phoiblí a chosaint de mheon na dlúthpháirtíochta Eorpaí⁸. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim leanúnach COVID-19 go bhfuil gá le gníomhaíocht dhaingean bhreise ar leibhéal an Aontais chun tacú leis an gcomhar agus leis an gcomhordú idir na Ballstáit chun feabhas a chur ar chosc agus ar rialú leathadh galar tromchúiseach daonna thar theorainneacha, chun bagairtí tromchúiseacha trasteorann eile ar an tsláinte a chomhrac agus chun sláinte agus folláine daoine san Aontas a

(6) Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as a mbeartais sláinte, táthar ag súil go ndéanfaidh siad an tsláinte phoiblí a chosaint de mheon na dlúthpháirtíochta Eorpaí⁸. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim leanúnach COVID-19 go bhfuil gá le gníomhaíocht dhaingean bhreise ar leibhéal an Aontais chun tacú leis an gcomhar agus leis an gcomhordú idir na Ballstáit chun feabhas a chur ar chosc agus ar rialú leathadh galar tromchúiseach daonna thar theorainneacha, **chun táirgí atá riachtanach do ghéarchéim a áirithiú chun freagairt do na riachtanais sláinte sna ceantair is mó atá buailte, chun infhaighteacht agus**

chosaint.

inrochtaineacht táirgí a fhorbairt agus a ráthú chun galair a chosc agus a chóireáil, lena n-áirítear frithghiniúint, chun bagairtí tromchúiseacha eile trasteorann ar an tsláinte a chomhrac agus chun sláinte agus folláine daoine san Aontas a chosaint, agus idirdhealú d'aon chineál a sheachaint i dtéarmaí ospidéalú, cúnamh leighis agus cóireála.

⁸ Teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta agus chuig an nGrúpa Euro maidir le freagairt eacnamaíoch chomhordaithe ar ráig COVID-19, COM(2020) 112 final an 13.3.2020.

⁸ Teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta agus chuig an nGrúpa Euro maidir le freagairt eacnamaíoch chomhordaithe ar ráig COVID-19, COM(2020) 112 final an 13.3.2020.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6 a) Tacaíonn an tAontas le Ballstáit neamhionannais i gcúram sláinte coisctheach agus i gcóireáil a bhaineann le hinscne a laghdú.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(6 b) Ag cur san áireamh gur féidir éifeachtaí galair a bheith difriúil idir fir agus mná, mar is léir le Covid 19,, a bhfuil ráta básmhaireachta níos airde aige i measc na bhfear, molann sé staidéar a dhéanamh ar chúiseanna an

iompair sin chun dul chun cinn a dhéanamh sa phaiteolaíocht, sa chóireáil agus sa leigheas.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(10) Mar gheall ar a thromchúisí atá na bagairtí trasteorann ar an tsláinte, ba cheart don Chlár tacú le bearta comhordaithe sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de bhagairtí den sórt sin. D'fhonn cur leis an gcumas san Aontas chun ullmhú do **ghéarchéim** sláinte, freagairt di agus í a bhainistiú, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi chuimsiú na sásraí agus na struchtúr a bhunaítear faoi Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus do shásraí agus do struchtúir ábhartha eile a bhunaítear ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfaí a áireamh leis sin freisin soláthairtí riachtanacha leighis a stoc-chnardh go straitéiseach nó acmhainní a fhorbairt chun freagairt ar ghéarchéimeanna, bearta coisctheacha a bhaineann le vacsaíniú agus imdhíonadh, cláir neartaithe faireachais. Sa chomhthéacs sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, cumas na ngníomhaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chun cabhrú le cosc, ullmhacht, faireachas, bainistiú agus acmhainn freagartha na ngníomhaithe sin i dtaca le géarchéim shláinte, lena n-áirítear **pleanáil theagmhasach** agus cleachtaí ullmhachta, i gcomhréir leis an gcur chuige “Aon Sláinte Amháin”. Ba cheart, trína bhíthin, éascaíocht a dhéanamh do chreat trasghearrthach comhtháite cumarsáide maidir le riosca a chur i bhfeidhm i ngach

Leasú

(10) Mar gheall ar a thromchúisí atá na bagairtí trasteorann ar an tsláinte, ba cheart don Chlár tacú le bearta comhordaithe sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de bhagairtí den sórt sin. D'fhonn cur leis an gcumas san Aontas chun ullmhú do **gach gné de ghéarchéimeanna sláinte agus a dtionchar gaolmhar ar sholáthar seirbhíse sláinte ar bhealach iomlánaíoch sláinte, freagairt dóibh agus iad a bhainistiú**, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do na gníomhaíochtaí arna ndéanamh faoi chuimsiú na sásraí agus na struchtúr a bhunaítear faoi Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ agus do shásraí agus do struchtúir ábhartha eile a bhunaítear ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfaí a bheith san áireamh leis sin freisin soláthairtí riachtanacha leighis a stoc-chnardh go straitéiseach nó acmhainní a fhorbairt chun freagairt ar ghéarchéimeanna, **pleanáil theagmhasach chun soláthar riachtanach seirbhíse sláinte agus inrochtaineacht, bearta coisctheacha a bhaineann le hoideachas agus faisnéis sláinte a áirithiú**, bearta coisctheacha a bhaineann le vacsaíniú agus imdhíonadh, cláir neartaithe faireachais. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go ndéanfaí, trí bhíthin an Chláir, cumas na ngníomhaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, cosc **atá iogair ó thaobh na hinscne de** agus treasearnála, ullmhacht, faireachas, bainistiú agus

céim de ghéarchéim sláinte — cosc, ullmhacht agus freagairt.

acmhainn freagartha na gníomhaithe sin i dtaca le géarchéim shláinte, lena n-áirítear pleanáil theagmhasach agus cleachtaí ullmhachta a chothú, i gcomhréir leis an gcur chuige “Aon Sláinte Amháin”. Ba cheart, trína bhíthin, éascaíocht a dhéanamh do chreat trasghearrthach comhtháite cumarsáide maidir le riosca a chur i bhfeidhm i ngach céim de ghéarchéim sláinte — cosc, ullmhacht agus freagairt.

¹⁰ Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE (IO L 293, 5.11.2013, lch. 1).

¹⁰ Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2119/98/CE (IO L 293, 5.11.2013, lch. 1).

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(10 a) I bhfianaise an tionchair atá ag géarchéim COVID-19 ar rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar a soláthar, go háirithe do mhná agus do chailíní, nach bhfuil baint dhíreach acu le hionfhabhtuithe COVID-19 a chóireáil ach atá fós ina seirbhísí cúraim sláinte riachtanacha, lena n-áirítear seirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe, ba cheart don Chlár freagairt do ghéarchéimeanna sláinte ar bhealach iomlánaíoch agus tacú le gníomhaíochtaí lena ráthaítear rochtain leanúnach ar sheirbhísí riachtanacha cúraim sláinte.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(10 a) Tá tionchar díréireach ag géarchéim COVID-19 ar mhná agus ar chailíní mar gheall ar na neamhionannais atá ann cheana agus a mbíonn mar thoradh orthu riosca méadaithe foréigin inscne-bhunaithe a bheith ann le linn na glasála.

Leasú 10

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10 c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(10 c) Is mná den chuid is mó iad na hoibrithe cúraim sláinte, a bhí bunriachtanach le linn ghéarchéim COVID-19, agus bhí siad neamhchosanta ar rioscaí sláinte níos mó le linn na géarchéime.

Leasú 11

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(12) D'fhonn daoine atá i staideanna leochaileacha a chosaint, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil meabhairghalair agus galair ainsealacha orthu, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, gníomhaíochtaí a chur chun cinn freisin lena dtabharfar aghaidh ar thionchair chomhthaobhacha na géarchéime sláinte ar dhaoine ar de ghrúpaí leochaileacha **den sórt sin iad.**

(12) D'fhonn daoine a chosaint i gcásanna leochaileacha, lena n-áirítear **leanaí, daoine scothaosta, daoine faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, mná, íospartaigh/marthanóirí foréigin ghnéasaigh agus inscne-bhunaithe, daoine LGBTI +, mionlaigh chiníocha agus eitneacha, daoine imirceacha, daoine faoi mhíchumas** agus iad siúd atá ag fulaingt ó ghalair mheabhracha agus galair ainsealacha, ba cheart don Chlár gníomhaíochtaí a chur chun cinn a thugann aghaidh ar **neamhionannais sláinte atá**

*ann cheana agus ar chinntithigh
shóisialta na sláinte, lena n-áirítear
inscne ó chur chuige trasnach chomh
maith le tionchair chomhthaobhacha na
géarchéime sláinte ar dhaoine a bhaineann
le grúpaí leochaileacha agus nach
ndéantar freastal mar is cóir orthu amhail
mná torracha, trí ardchaighdeáin de
sheirbhísí bunriachtanacha cúraim
sláinte, go háirithe in amanna
géarchéime, aistriú go teililíeigheas a
spreagadh, cógais a thabhairt sa bhaile
agus pleananna coisctheacha agus
féinchúraim a chur chun feidhme, lena n-
áirítear i réimse an chúraim sláinte gnéis
agus atáirgthe agus sainriachtanais
sláinte á gcur i gcuntas d'fhonn rochtain
leanúnach ar gach seirbhís cúraim sláinte
a áirithiú.*

Leasú 12

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

*(12 a) D'fhonn iarmhairtí na paindéime
ar shláinte na mban a íoslaghdú agus
córais sláinte níos athléimní atá freagrúil
ó thaobh inscne a thógáil, ba cheart
príomhshruthú inscne a chur i bhfeidhm
ar fud an Chláir seo ar cheart dó tacú le
gníomhaíochtaí a thugann aghaidh ar
shainriachtanais sláinte na mban, lena n-
áirítear saincheisteanna a bhaineann le
sláinte d'íospartaigh an fhoréigin
ghnéasaigh agus inscne-bhunaithe,
cineálacha sonracha ailse agus sláinte
agus cearta gnéis agus atáirgthe, sonraí
imdhealaithe agus inscne-shonracha a
bhailiú nuair is ábhartha agus faisnéis
sláinte, oideachas agus cur chun cinn,
beartha coiscthe agus cóireáil sláinte atá
íogair ó thaobh inscne a sholáthar.*

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 12 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(12 a) Ba cheart go gcuirfeadh an Clár seo le cuspóirí coiteanna a bhaint amach a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle maidir le sláinte na mban an 22 Meitheamh 2006 agus sa Straitéis maidir le Comhionannas Inscne.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(13) Géarchéim COVID-19 is rud é a chuir i bhfáth na dúshlán iomadúla a bhaineann le soláthar cógas, feistí leighis agus trealaimh cosanta pearsanta a theastaíonn san Aontas le linn na bpaindéimí a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí lena gcothaítear táirgeadh, soláthar agus bainistiú táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, agus comhlántacht agus comhleanúnachas ionstraimí eile an Aontais á n-áirithiú.

(13) Géarchéim COVID-19 is rud é a chuir i bhfáth na dúshlán iomadúla a bhaineann le soláthar cógas, ***trealamh leighis***, feistí leighis agus trealaimh cosanta pearsanta a theastaíonn san Aontas le linn na bpaindéimí a áirithiú. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí lena gcothaítear táirgeadh, soláthar agus bainistiú táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime, ***lena n-áirítear na táirgí leighis go léir atá fós riachtanach le linn géarchéime, amhail tráchtearraí sláinte gnéis agus atáirgthe lena n-áirítear táirgí frithghiniúna agus cógais agus cóireálacha hormónacha***, agus comhlántacht agus comhleanúnachas ionstraimí eile an Aontais á n-áirithiú.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 14

(14) Chun na hiarmhairtí don tsláinte phoiblí ó bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a laghdú a mhéid is féidir, ba cheart a bheith in ann le gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gClár comhordú na ngníomhaíochtaí lena neartaítear idir-inoibritheacht agus comhleanúnachas chórais sláinte na mBallstát a chumhdach trí thagarmharcáil, trí chomhar agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt agus a áirithiú go mbeidh ar a gcumas dóibh freagairt d'éigeandálaí sláinte, lena n-áirítear pleanáil theagmhasach, cleachtaí ullmhachta agus uas-sciliú na foirne cúraim sláinte agus na foirne sláinte poiblí agus sásraí a bhunú le haghaidh faireachán éifeachtúil agus leithdháileadh atá bunaithe ar riachtanais a dhéanamh ar earraí agus ar sheirbhísí a bhfuil gá leo in *am* géarchéime.

(14) Chun na hiarmhairtí don tsláinte phoiblí ó bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte a laghdú a mhéid is féidir, ba cheart a bheith in ann le gníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh faoin gClár comhordú na ngníomhaíochtaí lena neartaítear idir-inoibritheacht agus comhleanúnachas chórais sláinte na mBallstát a chumhdach trí thagarmharcáil, trí chomhar agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt agus a áirithiú go mbeidh ar a gcumas dóibh freagairt d'éigeandálaí sláinte, lena n-áirítear pleanáil theagmhasach, cleachtaí ullmhachta agus uas-sciliú na foirne cúraim sláinte agus na foirne sláinte poiblí agus sásraí a bhunú le haghaidh faireachán éifeachtúil, *soláthar leanúnach, inrochtaineacht ar leithdháileadh atá bunaithe ar riachtanais a dhéanamh ar earraí agus ar sheirbhísí a bhfuil gá leo in amanna géarchéime, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe, lena n-áirítear frithghiniúint, cúram ginmhille, cóireáil torthúlachta, tástáil VEID agus STI, scagthástáil ailse atáirgthe agus cúram sláinte do mháithreacha.*

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 15

(15) Léirigh taithí a fuarthas ó ghéarchéim COVID-19 go bhfuil gá ginearálta *le* tacaíocht a thabhairt *do* chlaohlú struchtúrach agus d'athchóirithe córasacha na gcóras sláinte ar fud an Aontais chun cur lena n-éifeachtacht, lena n-inrochtaineacht agus lena n-athléimneacht. I gcomhthéacs an chlaohlaithe agus na n-athchóirithe sin, ba

(15) Léirigh taithí a fuarthas ó ghéarchéim COVID-19 go bhfuil gá ginearálta *le* tacaíocht a thabhairt *do* chlaohlú struchtúrach agus d'athchóirithe córasacha na gcóras sláinte ar fud an Aontais chun cur lena n-éifeachtacht, lena n-inrochtaineacht agus lena n-athléimneacht. I gcomhthéacs an chlaohlaithe agus na n-athchóirithe sin, ba

cheart, trí bhíthin an Chláir, i sineirgíocht leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, gníomhaíochtaí a chun cinn trína gcuirfear le claochlú digiteach na seirbhísí sláinte agus trína gcuirtear le hidir-inoibritheacht na seirbhísí sin, cur le hacmhainneacht na gcóras sláinte chun galar a chosc agus chun an tsláinte a chur chun cinn, samhlacha cúraim nua agus seirbhísí comhtháite a sholáthar, idir réimse an chúraim sláinte phríomhúil agus an chúraim sláinte pobail agus seirbhísí speisialaithe bunaithe ar riachtanais daoine, agus lucht saothair éifeachtúil a áirithiú i réimse na sláinte poiblí a bhfuil na scileanna cuí acu, lena n-áirítear scileanna digiteacha. Trí bhíthin spás Eorpach le haghaidh sonraí sláinte a fhorbairt, bheadh córais cúraim sláinte, taighdeoirí agus údaráis phoiblí in ann infhaighteacht agus cáilíocht an chúraim sláinte a fheabhsú. I bhfianaise an chirt bhunúsáigh chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus ar chóireáil leighis, ceart a chumhdaítear in Airteagal 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus i bhfianaise luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach iad sna Conclúidí ón gComhairle an 2 Meitheamh 2006¹² ba cheart an Clár a bheith ina thaca ag gníomhaíochtaí lena n-áiríteofaí uilíochas agus cuimsitheacht an chúraim sláinte, rud a chiallaíonn nach gcuirfear cosc ar aon duine rochtain a fháil ar chúram sláinte, agus go n-urramófar na gníomhaíochtaí sin lena n-áirithítear cearta othar, lena n-áirítear *maidir le* príobháideachas a sonraí.

cheart, trí bhíthin an Chláir, i sineirgíocht leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, gníomhaíochtaí a chun cinn trína gcuirfear le claochlú digiteach na seirbhísí sláinte, *lena n-áirítear seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe*, agus trína gcuirtear le hidir-inoibritheacht na seirbhísí sin, cur le hacmhainneacht na gcóras sláinte chun galar a chosc agus chun go gcuirfí chun cinn an tsláinte, *faisnéis agus oideachas, lena n-áirítear cur chun cinn na sláinte atá íogair ó thaobh inscne de* chun samhlacha cúraim nua agus feabhsaithe, *lena n-áirítear cúram a sholáthar do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas*, chun seirbhísí comhtháite a sholáthar, lena gcumhdaítear gach gné den tsláinte, idir réimse an chúraim sláinte phríomhúil agus an chúraim sláinte pobail agus seirbhísí speisialaithe *lena n-áirítear seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe*, bunaithe ar riachtanais daoine, *agus cur chuige trasnach agus íogair ó thaobh inscne a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar dheitéarmanaint shóisialta sláinte agus leochaileachtaí difreálacha as a dtiocfaidh torthaí sláinte éagothroma*, agus lucht saothair éifeachtúil a áirithiú i réimse na sláinte poiblí a bhfuil na scileanna cuí acu, lena n-áirítear scileanna digiteacha. Trí bhíthin spás Eorpach le haghaidh sonraí sláinte a fhorbairt, bheadh córais cúraim sláinte, taighdeoirí agus údaráis phoiblí in ann infhaighteacht agus cáilíocht an chúraim sláinte a fheabhsú. *Ba cheart go dtacódh an Clár seo le bailiú sonraí atá ar ardchaighdeán, inchomparáide, iontaofa, cuimsitheach agus imdhealaithe de réir aoise agus inscne chomh maith le sonraí inscne-shonracha, chun dul chun cinn a thomhas i dtreo spriocanna SDG 3 go léir lena n-áirítear SDG 3.7 i gcomhréir le creat táscairí domhanda SDG.*

I bhfianaise an chirt bhunúsáigh chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus ar chóireáil leighis, ceart a chumhdaítear in Airteagal 35 de Chairt

um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus i bhfianaise luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh mar a leagtar amach iad sna Conclúidí ón gComhairle an 2 Meitheamh 2006¹² ba cheart an Clár a bheith ina thaca ag gníomhaíochtaí lena n-áiritheofaí uilíochas agus cuimsitheacht an chúraim sláinte, rud a chiallaíonn nach **dtoirmiscfear** agus nach gcuirfear cosc ar aon duine rochtain a fháil ar chúram sláinte, agus go n-urramófar go cuí na gníomhaíochtaí sin lena n-áirithítear cearta othar, lena n-áirítear **an ceart chun cúram measúil agus dínitiúil saor ó gach cineál idirdhealaithe, mí-úsáide nó foréigin, an ceart faisnéis chruinn neamhchlaonta a fháil ar gach gné den tsláinte, lena n-áirítear sláinte gnéis agus atáirgthe, an ceart chun rúndacht othar agus an ceart chun a gcuid sonraí a bheith príobháideach.**

¹²Conclúidí ón gComhairle maidir le luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh (IO C 146, 22.6.2006, lch. 1).

¹²Conclúidí ón gComhairle maidir le luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna i gCórais Sláinte an Aontais Eorpaigh (IO C 146, 22.6.2006, lch. 1).

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(16) Ach daoine a choinneáil folláin agus gníomhach níos faide agus é a chur ar a gcumas ról gníomhach a bheith acu i mbainistiú a sláinte, déanfar tairbhe ó thaobh sláinte, éagothromaíochtaí sláinte, chaighdeán na beatha, táirgiúlachta, iomaíochais agus cuimsitheachta, agus laghdófar an brú ar na buiséid náisiúnta freisin. Thug an Coimisiún gealltanais cuidiú leis na Ballstáit a spriocanna

Leasú

(16) Ach daoine a choinneáil folláin agus gníomhach níos faide agus é a chur ar a gcumas ról gníomhach a bheith acu i mbainistiú a sláinte **agus tosca riosca inscne-shonracha á gcur i gcuntas**, déanfar tairbhe ó thaobh na sláinte, éagothromaíochtaí na sláinte, chaighdeán na beatha, táirgiúlachta, iomaíochais agus cuimsitheachta, agus laghdófar an brú ar na buiséid náisiúnta freisin. Thug an

forbartha inbhuanaithe a leagtar amach i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe sprioc uimhir 3 “Beatha shláintiúil a áirithiú agus an fholláine a chur cinn do chách ag gach aois”¹³

Ba cheart, dá bhrí sin, go gcuirfeadh an Clár leis na bearta a dhéantar chun na haidhmeanna sin a bhaint amach.

¹³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Na chéad chéimeanna eile i dtaca le todhchaí inbhuanaithe don Eoraip. Gníomh Eorpach don inbhuanaitheacht COM (2016) 739 final an 22.11.2016.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Coimisiún gealltanais cuidiú leis na Ballstáit a spriocanna forbartha inbhuanaithe a leagtar amach i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach, go háirithe sprioc uimhir 3 “Beatha shláintiúil a áirithiú agus an fholláine a chur cinn do chách ag gach aois”¹³

Ba cheart, dá bhrí sin, go gcuirfeadh an Clár leis na bearta a dhéantar chun na haidhmeanna sin a bhaint amach ***lena n-áirítear spriocanna 3.7, 3.8, 3.B agus 5.6.***

¹³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Na chéad chéimeanna eile i dtaca le todhchaí inbhuanaithe don Eoraip. Gníomhaíocht Eorpach don inbhuanaitheacht COM (2016) 739 final an 22.11.2016.

Leasú

(16 a) Tá difríochtaí sa rochtain ar chúram sláinte i ngach Ballstát: tá níos lú rochtana ag mná ó cheantair thuaithe agus iargúlta ar liachleachtóirí, cláir sláinte meabhrach, scagadh, áiseanna cúraim sláinte, seirbhísí pleanála clainne, rud a chiallaíonn níos lú den chúram coisctheach agus amanna freagartha níos faide i gcásanna éigeandála. Ba cheart, dá bhrí sin, go gcuirfeadh an Clár níos mó le rochtain chomhionann ar sheirbhísí cúraim sláinte a éascú do gach Eorpach, go háirithe iad siúd atá ina gcónaí i réigiúin bruachbhailte uirbeacha, tuaithe

agus shléibhtiúil.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(16 a) Is gá íogaireacht agus eolas inscne agus gnéis a fheabhsú in oideachas gairmithe cúraim sláinte, taighde, diagnóisiú , cóireáil agus tionchar cógas agus teiripe chun an dá ghnéas a thuiscint agus a chóireáil níos fearr.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(17) Is toradh iad galair neamhtheagmhálacha ar theaghlaim gnéithe géiniteacha, fiseolaíocha, comhshaoil agus iompraíochta. Galair neamhtheagmhálacha amhail galair chardashoithíocha, ailse, galair riospráide ainsealacha, agus diaibéiteas, is iad is príomhthruig le míchumas, drochshláinte, scor de dheasca drochshláinte, agus bás anabái san Aontas agus leagtar costais shuntasacha ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar mar gheall orthu. Chun tionchar na ngalar neamhtheagmhálach ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí san Aontas a laghdú agus sprioc 3 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, Sprioc 3.4, chun an mhortlaíocht anabái de bharr galair ainsealacha neamhtheagmhálacha a laghdú aon trian faoi 2030, is rithábachtach an rud é freagairt chomhtháite a sholáthar lena ndíreofar ar chosc ar fud na n-earnálacha agus réimsí beartais, i gcomhar le hiarrachtaí chun córais sláinte a neartú.

(17) Is toradh iad galair neamhtheagmhálacha ar theaghlaim gnéithe géiniteacha, fiseolaíocha, comhshaoil agus iompraíochta. Galair neamhtheagmhálacha amhail galair chardashoithíocha, ailse, galair riospráide ainsealacha, agus diaibéiteas, is iad is príomhthruig le míchumas, drochshláinte, scor de dheasca drochshláinte, agus bás anabái san Aontas agus leagtar costais shuntasacha ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar mar gheall orthu. Chun tionchar na ngalar neamhtheagmhálach ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí san Aontas a laghdú agus sprioc 3 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, Sprioc 3.4, chun an mhortlaíocht anabái de bharr galair ainsealacha neamhtheagmhálacha a laghdú aon trian faoi 2030, is rithábachtach an rud é freagairt chomhtháite a sholáthar lena ndíreofar ar chosc ar fud na n-earnálacha agus réimsí beartais, i gcomhar le hiarrachtaí chun córais sláinte a neartú.
Chomh maith le SDG 3.4, beidh sé

riachtanach SDG 3.7 a bhaint amach maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe. Ba cheart, dá bhri sin, go gcuirfeadh an Clár seo le rochtain uilíoch ar SRHR agus é a urramú go hiomlán ar leibhéal an Aontais agus idirnáisiúnta.

Leasú 21

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(17 a) Is féidir le galair theagmhálacha amháil VEID /SEIF, eitinn agus heipítíteas víreasach dul i bhfeidhm ar fhir agus ar mhná ar bhealach difriúil agus gné shóisialta a bheith acu nach mór aghaidh a thabhairt uirthi ar bhealach ildisciplíneach. Ba cheart dul i ngleic leo ní hamháin le frithvíreas agus vacsaíní, ach freisin le hoideachas, faisnéis, agus bearta sóisialta agus síceolaíocha iomchuí. Tuigtear go maith an cur chuige sin maidir le fadhbanna cosúil le andúil i ndrugaí nó in alcóil. Chuige sin, tá sé riachtanach infheistíocht a dhéanamh i gcur chuige nuálacha pobalbhunaithe i leith straitéisí le haghaidh galair theagmhálacha a rialú agus straitéisí coisctheacha le haghaidh ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha.

Leasú 22

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17 b (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(17 b) Is ualach sláinte atá ag dul i méid iad galair ghnéas-tarchurtha, agus tá rioscaí breise ailse agus ilfhríotaíochta ag gabháil leo.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(18) Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú le galair a chosc le linn saol duine aonair **agus** leis an tsláinte a chur chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar gnéithe riosca coiteanna, amhail úsáid tobac agus táirgí gaolmhara agus tógáil a n-astaíochtaí, mí-úsáid alcóil agus caitheamh drugaí aindleathacha. Anuas air sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú leis an dochar a dhéantar don tsláinte le drugaí, nósanna cothaithe mífholláine agus neamhghníomhaíocht choirp agus tógáil thruailliú an chomhshaoil a laghdú agus le timpeallachtaí tacúla do stíleanna maireachtála folláine a chothú d'fhonn gníomhaíocht na mBallstát sna réimsí sin a chomhlánú. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú freisin le gnóthú chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na Straitéise ón bhFeirm go dtí an Forc agus na Straitéise Bithéagsúlachta.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(19) Tar éis galair chardashoithíochacha is í an ailse an dara trúig mhortlaíochta is mó

Leasú

(18) Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú le galair a chosc le linn saol duine aonaire le cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de, **agus rioscaí inscne-shonracha á gcur i gcuntas lena n-áirítear tionchar steiréitiopaí as a dtagann rioscaí breise sláinte agus a chuireann le faisnéis, oideachas agus** cur chun cinn na sláinte trí aghaidh a thabhairt ar thosca riosca sláinte, amhail **iompraíochtaí díobhálacha**, úsáid tobac agus táirgí gaolmhara agus tógáil a n-astaíochtaí, mí-úsáid alcóil agus caitheamh drugaí aindleathacha. Anuas air sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú leis an dochar a dhéantar don tsláinte le drugaí, nósanna cothaithe mífholláine agus neamhghníomhaíocht choirp agus tógáil thruailliú an chomhshaoil a laghdú agus le timpeallachtaí tacúla do stíleanna maireachtála folláine a chothú d'fhonn gníomhaíocht na mBallstát sna réimsí sin a chomhlánú. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, rannchuidiú freisin le gnóthú chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na Straitéise ón bhFeirm go dtí an Forc agus na Straitéise Bithéagsúlachta.

Leasú

(19) Tar éis galair chardashoithíochacha is í an ailse an dara trúig mhortlaíochta is mó

sna Ballstáit. Chomh maith leis sin, tá sí ar cheann de na galair neamhtheagmhálacha a bhfuil gnéithe riosca coiteanna aici, galar a rachadh sé chun tairbhe d'fhormhór na saoránach ach í a chosc agus a rialú. In 2020, d'fhógair an Coimisiún 'Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac', plean lena gcumhdófaí timthriall iomlán an ghalair ó chosc agus ó fháthmheas luath go cóireáil agus caighdeán saoil othar agus marthanóirí. Ba cheart go mbainfeadh na bearta tairbhe as an gClár agus as Misean Ailse an chláir Fís Eorpach.

sna Ballstáit. Chomh maith leis sin, tá sí ar cheann de na galair neamhtheagmhálacha a bhfuil gnéithe riosca coiteanna aici, galar a rachadh sé chun tairbhe d'fhormhór na saoránach ach í a chosc agus a rialú. In 2020, d'fhógair an Coimisiún 'Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac', plean lena gcumhdófaí timthriall iomlán an ghalair ó chosc agus ó fháthmheas luath go cóireáil agus caighdeán saoil othar agus marthanóirí. Ba cheart go mbainfeadh na bearta tairbhe as an gClár agus as Misean Ailse an chláir Fís Eorpach. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ailsí atáirgthe, ailse chíce san áireamh.***

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(20) Oibreoidh an Clár i sineirgíocht agus i gcomhlántacht le beartais, cláir agus cistí eile an Aontais amhail gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, cúlchiste rescEU faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, Ciste Sóisialta na hEorpa + (CSE+, lena n-áirítear maidir le sineirgí i dtaca le sláinte agus sábháilteacht na milliún oibrithe a chosaint san Aontas), lena n-áirítear an Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI), ciste InvestEU, Clár an Mhargaidh Aonair, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta lena n-áirítear an Uirlis Athchóiriúcháin, Erasmus, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, Tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta le linn éigeandálaí a mhaolú (SURE), agus ionstraimí eile de chuid an Aontais le haghaidh bearta seachtracha, amhail an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus an Ionstraim um Chúnaimh Réamhaontachais

Leasú

(20) Oibreoidh an Clár i sineirgíocht agus i gcomhlántacht le beartais, cláir agus cistí eile an Aontais amhail gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, cúlchiste rescEU faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, Ciste Sóisialta na hEorpa + (CSE+, lena n-áirítear maidir le sineirgí i dtaca le sláinte agus sábháilteacht na milliún oibrithe a chosaint san Aontas), lena n-áirítear an Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI), ciste InvestEU, Clár an Mhargaidh Aonair, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta lena n-áirítear an Uirlis Athchóiriúcháin, Erasmus, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ***an clár um Cheartas, Cearta agus Luachanna***, Tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta le linn éigeandálaí a mhaolú (SURE), agus ionstraimí eile de chuid an Aontais le haghaidh bearta seachtracha, amhail an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus an

III. I gcás inarb iomchuí, bunófar comhrialacha d'fhonn comhsheasmhacht agus comhlántacht idir cistí a áirithiú agus san am céanna, deimhin a dhéanamh de go ndéanfar saineúlachtaí na mbeartas sin a urramú, agus d'fhonn riachtanais straitéiseacha na mbeart, na gclár agus na gcistí sin a ailíniú, amhail na coinníollacha cumasúcháin faoi CFRE agus CSE+.

Ionstraim um Chúnaimh Réamhaontachais
III. I gcás inarb iomchuí, bunófar comhrialacha d'fhonn comhsheasmhacht agus comhlántacht idir cistí a áirithiú agus san am céanna, deimhin a dhéanamh de go ndéanfar saineúlachtaí na mbeartas sin a urramú, agus d'fhonn riachtanais straitéiseacha na mbeart, na gclár agus na gcistí sin a ailíniú, amhail na coinníollacha cumasúcháin faoi CFRE agus CSE+.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(22) Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le gníomhaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar ghanntanais cógas, feistí leighis agus táirgí cúraim sláinte eile agus chun a áirithiú gur mó rochtain atá orthu agus go bhfuil siad níos inacmhainne agus spleáchas a slabhraí soláthair ar thríú tíortha á theorannú ag an am céanna. Go háirithe, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do thrialacha cliniúla chun dlús a chur le forbairt, údarú agus rochtain ar chógais leighis nuálacha agus éifeachtacha, chun dreasachtaí a chur chun cinn chun táirgí íocshláinte amhail frithmhiochróbaigh a fhorbairt agus chun an claochlú digiteach a chothú i dtaca le táirgí cúraim sláinte agus ardáin lena ndéantar faireachán ar chógais agus lena mbailítear sonraí fúthu.

Leasú

(22) Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le gníomhaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar ghanntanais cógas, feistí leighis agus táirgí eile cúraim sláinte, **lena n-áirítear soláthairtí sláinte agus atáirgthe gnéis, agus táirgí atá riachtanach chun stíleanna maireachtála sláintiúla a chothabháil** agus chun a áirithiú gur mó rochtain atá orthu agus go bhfuil siad níos inacmhainne agus spleáchas a slabhraí soláthair ar thríú tíortha á theorannú ag an am céanna. Go háirithe, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leighis nach bhfuiltear ag freastal orthu, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacaíocht a sholáthar do thrialacha cliniúla chun dlús a chur le forbairt, údarú agus rochtain ar chógais leighis nuálacha agus éifeachtacha **do chúch, lena n-áirítear mná torracha**, chun dreasachtaí a chur chun cinn chun táirgí íocshláinte amhail frithmhiochróbaigh a fhorbairt agus chun an claochlú **digiteach** a chothú i dtaca le táirgí cúraim sláinte agus ardáin lena ndéantar faireachán ar chógais agus lena mbailítear sonraí fúthu, **agus á áirithiú go gcuireann trialacha cliniúla éagsúlacht, lena n-áirítear comhionannas inscne, de dhaonra na hEorpa i gcuntas ina gcuid**

taighde.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(25) Bíonn tionchar láithreach ag reachtaíocht an Aontais ar an tsláinte phoiblí, ar shaol na saoránach, ar éifeachtúlacht agus athléimneacht na gcóras sláinte agus ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. An creat rialála atá ann do tháirgí agus teicneolaíochtaí leighis (táirgí íocshláinte, feistí leighis agus substaintí de bhunús daonna), agus don reachtaíocht maidir le tobac, cearta othar i gcúram sláinte trasteorann agus bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, is rud fíor-riachtanach é chun an tsláinte a chosaint san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht sláinte an Aontais agus sonraí ardcháilíochta, inchomparáide agus iontaofa a sholáthar chun bheith ina dtaca do cheapadh beartas agus faireachán.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(26) An comhar trasteorann maidir le cúram sláinte a sholáthar d'othair a aistríonn idir Ballstáit, comhoibriú maidir le measúnuithe ar theicneolaíocht sláinte (HTA), agus líonraí tagartha Eorpacha, is samplaí iad de réimsí lena ngabhann breisluach mór agus an-phoitéinseal de thairbhe obair chomhtháite idir na Ballstáit

Leasú

(25) Bíonn tionchar láithreach ag reachtaíocht an Aontais ar an tsláinte phoiblí, ar shaol na saoránach, ar éifeachtúlacht agus athléimneacht na gcóras sláinte agus ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. An creat rialála atá ann do tháirgí agus teicneolaíochtaí leighis (táirgí íocshláinte, feistí leighis agus substaintí de bhunús daonna), agus don reachtaíocht maidir le tobac, cearta othar i gcúram sláinte trasteorann agus bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, is rud fíor-riachtanach é chun an tsláinte a chosaint san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht sláinte an Aontais agus sonraí ardcháilíochta, inchomparáide, **atá imdhealaithe de réir inscne** agus iontaofa a sholáthar chun bheith ina dtaca do cheapadh beartas agus faireachán.

Leasú

(26) An comhar trasteorann maidir le cúram sláinte a sholáthar d'othair a aistríonn idir Ballstáit, comhoibriú maidir le measúnuithe ar theicneolaíocht sláinte (HTA), agus líonraí tagartha Eorpacha, is samplaí iad de réimsí lena ngabhann breisluach mór agus an-phoitéinseal de thairbhe obair chomhtháite idir na Ballstáit

chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na gcóras sláinte a agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar an tsláinte i gcoitinne. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le gníomhaíochtaí chun gur féidir obair chomhtháite agus chomhordaithe den sórt sin a dhéanamh, ar gníomhaíochtaí iad lena gcothaítear cur chun feidhme cleachtais ardtionchair, cleachtais arb é is aidhm dóibh na hacmhainní atá ar fáil a dháileadh ar an mbealach is éifeachtaí is féidir ar an bpobal agus ar na réimsí lena mbaineann chun a dtionchar a uasmhéadú.

chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht na gcóras sláinte a agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar an tsláinte i gcoitinne. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le gníomhaíochtaí chun gur féidir obair chomhtháite agus chomhordaithe den sórt sin a dhéanamh, ar gníomhaíochtaí iad lena gcothaítear cur chun feidhme cleachtais ardtionchair, cleachtais arb é is aidhm dóibh na hacmhainní atá ar fáil a dháileadh ar an mbealach is éifeachtaí is féidir ar an bpobal agus ar na réimsí lena mbaineann chun a dtionchar a uasmhéadú, *trí neamhionannais a laghdú trí ghnéas, inscne agus aois a bhreithniú agus Líonra Tagartha a bhunú chun cógais a úsáid go sábháilte i dtoircheas agus i lachtadh.*

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 27 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(27 a) Ba cheart go n-áiritheodh an clár rochtain thráthúil ar earraí a theastaíonn chun sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a sholáthar go sábháilte (m.sh. cógais, frithghiniúnaigh de chineálacha éagsúla, trealamh leighis do nósanna imeachta SRHR).

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(33) Toisc luachanna coiteanna na dlúthpháirtíochta maidir le cumhdach cothrom uilíoch a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte ar ardchaighdeán a bheith mar bhonn do bheartais an Aontais sa réimse sin agus toisc ról lárnach a bheith ag an Aontas maidir le dlús a chur leis an dul

(33) Toisc luachanna coiteanna na dlúthpháirtíochta maidir le cumhdach cothrom uilíoch a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte ar ardchaighdeán a bheith mar bhonn do bheartais an Aontais sa réimse sin agus toisc ról lárnach a bheith ag an Aontas maidir le dlús a chur leis an dul

chun cinn a dhéanfar i dtaca le dúshláin dhomhanda sláinte¹⁹, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le rannchuidiú an Aontais le tionscnaimh sláinte idirnáisiúnta agus dhomhanda d'fhonn an tsláinte a fheabhsú, aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas agus cosaint i gcoinne bagairtí sláinte domhanda a mhéadú.

¹⁹ Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an Aontais Eorpaigh sa tSláinte Dhomhanda, an 3011ú cruinniú de chuid na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, an Bhruiséil, an 10 Bealtaine 2010.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(40) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, rannchuideoidh an Clár seo leis na gníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus leis an sprioc fhoriomlán a bhaint amach go gcaithfear 25 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Sainithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir, agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid den mheastóireacht mheántearma ar an gclár.

chun cinn a dhéanfar i dtaca le dúshláin dhomhanda sláinte¹⁹, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le rannchuidiú an Aontais le tionscnaimh sláinte idirnáisiúnta agus dhomhanda d'fhonn an tsláinte a fheabhsú, ***lena n-áirítear sláinte gnéis agus atáirgthe***, aghaidh a thabhairt ar neamhionannais, ***lena n-áirítear neamhionannais inscne***, agus cosaint i gcoinne bagairtí sláinte domhanda a mhéadú.

¹⁹ Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an Aontais Eorpaigh sa tSláinte Dhomhanda, an 3011ú cruinniú de chuid na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, an Bhruiséil, an 10 Bealtaine 2010.

Leasú

(40) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide, ***agus a thionchar ar mhná agus ar chailíní***, i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, rannchuideoidh an Clár seo leis na gníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus leis an sprioc fhoriomlán a bhaint amach go gcaithfear 25 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Sainithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an Chláir, agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid den mheastóireacht mheántearma ar an gclár.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 40 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(40 a) Ag aithint a thábhachtaí atá sé comhionannas inscne a bhaint amach, rannchuideoidh an Clár seo le comhionannas inscne a phríomhshrutha i mbeartais an Aontais. Úsáidfidh sé uirlisí príomhshruthaithe inscne agus buiséadaithe inscne chun a áirithiú go bhfreagraítear ar ghéarchéimeanna sláinte ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne agus claochlaitheach agus go dtugtar aghaidh ar shainriachtanais sláinte na mban agus na gcailíní le linn géarchéim sláinte agus ina diaidh.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(43) I dtaca leis an gcuspóir maidir le daoine san Aontas a chosaint ar bhagairtí den sórt sin agus maidir le cosc agus ullmhacht ar ghéarchéimeanna a fheabhsú, ní féidir leis na Ballstáit an cuspóir sin a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar i bhfianaise chineál agus scála na mbagairtí trasteorann ar shláinte an duine. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, is féidir gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais freisin chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát leibhéal ard cosanta don tsláinte phoiblí a bhaint amach, chun feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar inacmhainneacht cógas, feistí leighis agus táirgí eile atá ábhartha i gcás géarchéime san Aontas, chun tacú leis an nuálaíocht agus chun tacú

(43) I dtaca leis an gcuspóir maidir le daoine san Aontas a chosaint ar bhagairtí den sórt sin agus maidir le cosc agus ullmhacht ar ghéarchéimeanna a fheabhsú, ní féidir leis na Ballstáit an cuspóir sin a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú ina n-aonar i bhfianaise chineál agus scála na mbagairtí trasteorann ar shláinte an duine. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, is féidir gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais freisin chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát leibhéal ard cosanta don tsláinte phoiblí a bhaint amach, chun feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar inacmhainneacht cógas, feistí leighis agus táirgí eile atá ábhartha i gcás géarchéim san Aontas, chun tacú leis an nuálaíocht agus chun tacú

le hobair chomhtháite chomhordaithe agus dea-chleachtais a chur chun feidhme i measc na mBallstát, agus chun aghaidh thabhairt ar éagothromaíochtaí maidir le rochtain ar chúram sláinte ar fud an Aontais ar bhealach lena gcuirtear leis an éifeachtúlacht agus le tionchair bhreisluacha nach bhféadfadh a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus inniúlacht agus freagracht na mBallstát sna réimsí sin atá cumhdaithe sa Chlár á n-urramú. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

le hobair chomhtháite chomhordaithe agus dea-chleachtais a chur chun feidhme i measc na mBallstát, agus chun aghaidh thabhairt ar éagothromaíochtaí maidir le rochtain ar chúram sláinte ar fud an Aontais. ***Ba cheart tacú le cur na gcleachtas is fearr i ngach gné den tsláinte lena n-áirítear gnéithe inscne, mar atá luaite sa Straitéis Comhionannais Inscne. Ba cheart dul i ngleic le neamhionannais sláinte idir Ballstáit AE agus laistigh díobh agus aghaidh a thabhairt ar gach deitéarmanant sóisialta ar an tsláinte lena n-áirítear inscne. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích*** ar bhealach lena gcuirtear leis an éifeachtúlacht agus le tionchair bhreisluacha nach bhféadfadh a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus inniúlacht agus freagracht na mBallstát sna réimsí sin atá cumhdaithe sa Chlár á n-urramú. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) ciallaíonn “táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime” táirgí agus substaintí a bhfuil gá leo, i gcomhthéacs géarchéime sláinte, chun galar agus na hiarmhairtí a bhaineann leis a chosc, a dhiagnóisiú nó a chóireáil, ina n-áirítear an méid seo, ach nach bhfuil teoranta dó: táirgí íocshláinte – lena n-áirítear vacsaíní – agus a n-idirmheánaigh, a gcomhábhair chógaisíochta ghníomhacha agus a n-amhábhair; feistí leighis; trealamh ospidéil agus leighis (amhail aerálaithe, éadaí agus trealamh cosanta, ábhair agus uirlisí diagnóiseacha); trealamh cosanta pearsanta; díghalráin agus a dtáirgí

Leasú

(4) ciallaíonn “táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime” táirgí agus substaintí a bhfuil gá leo, i gcomhthéacs géarchéime sláinte, chun galar agus na hiarmhairtí a bhaineann leis a chosc, a dhiagnóisiú nó a chóireáil, ***chomh maith le táirgí agus substaintí eile leighis atá fós riachtanach sa chomhthéacs cúram sláinte níos leithne le linn géarchéim sláinte***, ina n-áirítear an méid seo, ach nach bhfuil teoranta dó: táirgí íocshláinte – lena n-áirítear vacsaíní – agus a n-idirmheánaigh, a gcomhábhair chógaisíochta ghníomhacha agus a n-amhábhair; feistí leighis; trealamh ospidéil

idirmheánacha agus amhábhair atá riachtanach lena dtáirgeadh);

agus leighis (amhail aerálaithe, éadaí agus trealamh cosanta, ábhair agus uirlisí diagnóiseacha); trealamh cosanta pearsanta; díghalráin agus a dtáirgí idirmheánacha agus amhábhair atá riachtanach lena dtáirgeadh);

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1 a) iarracht a dhéanamh deireadh a chur le neamhionannais, agus comhionannas a chur chun cinn, idir fir agus mná;

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2) feabhas a chur ar infhaighteacht cógas, feistí leighis agus táirgí eile san Aontas atá ábhartha ó thaobh na géarchéime de, rannchuidiú lena n-inacmhainneacht, agus tacú le nuálaíocht;

(2) feabhas a chur ar infhaighteacht cógas, feistí leighis agus táirgí eile san Aontas atá ábhartha ó thaobh na géarchéime de, rannchuidiú lena ***n-inrochtaineacht agus*** lena n-inacmhainneacht, agus tacú le nuálaíocht;

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(3) córais cúraim sláinte agus an lucht saothair cúraim sláinte a neartú, lena n-áirítear trí chlaochlú digiteach agus trí obair chomhtháite chomhordaithe mhéadaithe idir na Ballstáit, cur chun feidhme marthanach ar an dea-chleachtas

(3) córais cúraim sláinte agus an lucht saothair cúraim sláinte a neartú, lena n-áirítear trí chlaochlú digiteach agus trí obair chomhtháite chomhordaithe mhéadaithe idir na Ballstáit, cur chun feidhme marthanach ar an dea-chleachtas

agus ar chomhroinnt sonraí, chun leibhéal ginearálta na sláinte poiblí a ardú.

agus ar chomhroinnt **chuímsitheach** sonraí **maidir le gach gné den tsláinte**, chun leibhéal ginearálta na sláinte poiblí a ardú.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(3) tacú le gníomhaíochtaí chun infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht táirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus soláthairtí **riachtanacha** sláinte eile a áirithiú;

Leasú

(3) tacú le gníomhaíochtaí chun infhaighteacht, inrochtaineacht agus inacmhainneacht iomchuí táirgí atá ábhartha ó thaobh na géarchéime, **táirgí atá riachtanach chun stíleanna maireachtála sláintiúla a chothabháil** agus soláthairtí sláinte eile **bunriachtanacha** a áirithiú;

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) éifeachtacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht córas sláinte a neartú, lena n-áirítear trí thacú le claochlú digiteach, glacadh uirlisí agus seirbhísí digiteacha, athchóirithe sistéamacha, cur chun feidhme samhlacha cúraim nua **agus** clúdach sláinte uilíoch, agus aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí i **réimse na sláinte**;

Leasú

(4) éifeachtacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht agus athléimneacht córas sláinte a neartú, lena n-áirítear trí thacú le claochlú digiteach, glacadh uirlisí agus seirbhísí digiteacha, athchóirithe sistéamacha, cur chun feidhme samhlacha cúraim nua, **lena n-áirítear cúram a sholáthar do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas**, clúdach sláinte uilíoch **a bhaint amach a chuimsíonn rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe**, agus aghaidh a thabhairt ar neamhionannais **i gcúram sláinte agus soláthar cúraim sláinte, lena n-áirítear neamhionannais inscne agus thrasnacha**;

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(5) tacú le gníomhaíochtaí a bhfuil sé d’aidhm acu acmhainn córas sláinte a neartú i dtaca le galar a chosc agus an tsláinte a chur chun cinn, cearta othar agus cúram sláinte trasteorann agus a fheabhas atá gairmithe leighis agus gairmithe cúraim sláinte a chur chun cinn;

Leasú

(5) tacú le gníomhaíochtaí a bhfuil sé d’aidhm acu acmhainn córais sláinte a neartú i dtaca le galar a chosc agus an tsláinte a chur chun cinn, ***faisnéis agus oideachas agus gné inscne á húsáid***, cearta othar agus cúram sláinte trasteorann ***a chur chun cinn***, agus a fheabhas atá gairmithe leighis agus gairmithe cúraim sláinte a chur chun cinn;

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(6) tacú le gníomhaíocht maidir le galair neamhtheagmhálacha, an ailse go háirithe, a chosc, a dhiagnóisiú, a chóireáil, faireachas a dhéanamh orthu agus cóir leighis a thabhairt ina leith;

Leasú

(6) tacú le gníomhaíocht maidir le galair neamhtheagmhálacha, an ailse go háirithe, a chosc, a dhiagnóisiú, a chóireáil, faireachas a dhéanamh orthu agus cóir leighis a thabhairt ina leith, ***agus aird ar leith tugtha ar ailsí atáirgthe, ailse chíche san áireamh***;

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 1 – pointe 8

Leasú

(6 a) tacú le gníomhaíochtaí atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sláinte a bhaineann le foréigean inscne agus tacú le hothair atá ina n-íospartaigh ar fhoréigean inscne;

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(8) tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht an Aontais maidir leis an tsláinte agus sonraí ardcháilíochta inchomparáide iontaofa a sholáthar chun bheith mar bhonn taca le ceapadh beartas agus faireachán, agus measúnuithe tionchair sláinte a dhéanamh ar bheartais ábhartha a chur chun cinn;

Leasú 44

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 10**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(10) tacú le ranníocaíocht an Aontais le tionscnaimh idirnáisiúnta agus dhomhanda maidir le sláinte.

Leasú 45

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe 4**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis sláinte na mBallstát laistigh den Ghrúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn na Sláinte, Cosc Galar agus Bainistiú Galar Neamhtheagmhálach i dtaobh na bpleananna oibre arna mbunú don Chlár agus i dtaobh a thosaíochtaí agus a threonna straitéiseacha agus a chur chun

Leasú

(8) Tacú le forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht sláinte an Aontais agus sonraí ardcháilíochta, inchomparáide, iontaofa, ***cuimsitheach agus imdhealaithe de réir inscne agus aoise agus inscne-shonrach*** a sholáthar chun tacú le ceapadh beartais agus faireachán, ***tacú le soláthar cúraim agus freagairt do riachtanais leighis gan chomhlíonadh***, agus chun úsáid measúnuithe tionchair sláinte ***inscne-fhreagrúil*** ar bheartais ábhartha a chur chun cinn.

Leasú

(10) tacú le ranníocaíocht an Aontais le tionscnaimh idirnáisiúnta agus dhomhanda maidir le sláinte, ***lena n-áirítear tionscnaimh dhomhanda a thacaíonn le soláthar agus rochtain shábháilte agus thráthúil ar sheirbhísí agus cearta sláinte gnéis agus atáirgthe.***

Leasú

Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis sláinte agus ***comhlachtaí ábhartha um chomhionannas inscne*** na mBallstát laistigh den Ghrúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn na Sláinte, Cosc Galar agus Bainistiú Galar Neamhtheagmhálach i dtaobh na bpleananna oibre arna mbunú don Chlár agus i dtaobh a thosaíochtaí agus

feidhme.

a threonna straitéiseacha agus a chur chun feidhme.

Leasú 46

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Tacóidh measúnú tionchair inscne leis na cláir oibre.

Leasú 47

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 1 – pointe 2 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(2 a) Baileofar táscairí, i gcás inarbh ábhartha, agus iad imdhealaithe de réir inscne.

Leasú 48

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1 a) Beidh na meastóireachtaí freagrúil ó thaobh na hinscne de. Tabharfar aird ar leith ar chaiteachas a rianú atá tiomnaithe do spriocanna a bhaineann le comhionannas inscne.

Leasú 49

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) Aistriú, oiriúnú agus cur i bhfeidhm

(b) Aistriú, oiriúnú agus cur i bhfeidhm

dea-chleachtas agus réiteach nuálach ag a bhfuil breisluach cinnte ar leibhéal an Aontais idir na Ballstáit, agus tacaíocht shaincheaptha thírshonrach do thíortha, nó do ghrúpaí tíortha, ina bhfuil an ganntar is mó, trí thionscadail shonracha a chistiú lena n-áirítear nascadh, comhairle ó shaineolaithe agus tacaíocht piaraí.

dea-chleachtas agus réiteach nuálach, **lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe agus gnéithe eile den tsláinte a bhaineann le hinscne**, ag a bhfuil breisluach cinnte ar leibhéal an Aontais idir na Ballstáit, agus tacaíocht shaincheaptha thírshonrach do thíortha, nó do ghrúpaí tíortha, ina bhfuil an ganntar is mó, trí thionscadail shonracha a chistiú lena n-áirítear nascadh, comhairle ó shaineolaithe agus tacaíocht piaraí.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn I – pointe c – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(iii) Grúpaí agus painéil saineolaithe a chuireann comhairle, sonraí agus faisnéis ar fáil chun tacú le beartais sláinte a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

Leasú

(iii) Grúpaí agus painéil saineolaithe a chuireann comhairle, sonraí agus faisnéis ar fáil chun tacú le beartais sláinte a fhorbairt agus a chur chun feidhme; **beidh gach sainghrúpa agus painéal cistithe cothrom ó thaobh inscne de;**

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn I – pointe c – pointe iv

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(iv) Staidéir agus anailísiú, agus comhairle eolaíoch chun tacú le ceapadh beartas, agus tacaíocht do na coistí eolaíocha maidir le “Sábháilteacht Tomhaltóirí” agus “Rioscaí Sláinte, Rioscaí Comhshaoil agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn”.

Leasú

(iv) Staidéir agus anailísiú, agus comhairle eolaíoch chun tacú le ceapadh beartas, agus tacaíocht do na coistí eolaíocha maidir le “Sábháilteacht Tomhaltóirí” agus “Rioscaí Sláinte, Rioscaí Comhshaoil agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn”; **beidh gach staidéar agus anailís mhaoinithe, agus comhairle eolaíoch freagrúil ó thaobh inscne de.**

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe d – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(i) Reachtaíocht agus gníomhaíocht sláinte an Aontais a chur chun feidhme, a fhorfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh orthu; agus tacaíocht theicniúil a thabhairt do chur chun feidhme na gceanglas dlíthiúil;

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe e – pointe iv

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(iv) Soláthar na n-earraí agus na seirbhísí **is gá** chun géarchéimeanna sláinte a chosc agus a bhainistiú agus gníomhaíocht chun rochtain ar na hearraí agus na seirbhísí rithábachtacha sin a dhéanamh seasta;

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe e – pointe v

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(v) Cúltaisce de chuid an Aontais de bhaill foirne agus de shaineolaithe leighis agus cúraim sláinte a bhunú agus a oibriú chomh maith le sásra chun sochar a bhaint as an bhfoireann sin agus as na saineolaithe sin de réir mar is gá chun géarchéim sláinte a chosc nó freagairt uirthi ar fud an Aontais; foireann Éigeandála Sláinte de chuid an Aontais a bhunú agus a oibriú chun comhairle ó shaineolaithe agus cúnaimh teicniúil a sholáthar arna iarraidh sin don Choimisiún i gcás géarchéim

Leasú

(i) Reachtaíocht agus gníomhaíocht sláinte an Aontais a chur chun feidhme, a fhorfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh orthu, **lena n-áirítear na gnéithe sláinte de Straitéis AE maidir le Comhionannas Inscne**; agus tacaíocht theicniúil a thabhairt do chur chun feidhme na gceanglas dlíthiúil;

Leasú

(iv) Soláthar na n-earraí agus na seirbhísí **atá bunriachtanach** chun géarchéimeanna sláinte a chosc agus a bhainistiú agus gníomhaíocht chun rochtain ar na hearraí agus na seirbhísí rithábachtacha sin a dhéanamh seasta;

Leasú

(v) Cúltaisce de chuid an Aontais de bhaill foirne agus de shaineolaithe leighis agus cúraim sláinte a bhunú agus a oibriú chomh maith le sásra chun sochar a bhaint as an bhfoireann sin agus as na saineolaithe sin de réir mar is gá chun géarchéim sláinte a chosc nó freagairt uirthi ar fud an Aontais; foireann Éigeandála Sláinte de chuid an Aontais a bhunú agus a oibriú chun comhairle ó shaineolaithe agus cúnaimh teicniúil a sholáthar arna iarraidh sin don Choimisiún i gcás géarchéim

shláinte

shláinte **beidh gach comhlacht a chruthaítear faoin gelár sin comhdhéanta de 50% ar a laghad de mhná agus beidh saineolaithe ann ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe agus gnéithe eile den tsláinte a bhaineann le hinscne;**

Leasú 55

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe g – pointe i**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(i) Tacú le gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus comhar ar leibhéal an Aontais chun cúnamh a thabhairt do phróisis athchóirithe náisiúnta lena ngabfar i dtreo feabhsú ar éifeachtacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht **agus** athléimneacht, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán atá sainaitheanta sa Seimeastar Eorpach agus chun cúram sláinte príomhúil a neartú, cúram sláinte a chomhtháthú agus **tabhairt faoi** chlúdach sláinte uilíoch agus rochtain chomhionann ar chúram sláinte;

Leasú

(i) Tacú le gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus comhar ar leibhéal an Aontais chun cúnamh a thabhairt do phróisis athchóirithe náisiúnta lena ngabfar i dtreo feabhsú ar éifeachtacht, inrochtaineacht, inbhuanaitheacht **agus** athléimneacht agus **gné na hinscne a phríomhshruthú**, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán atá sainaitheanta sa Seimeastar Eorpach agus chun cúram sláinte príomhúil a neartú, comhtháthú an chúraim a threisiú agus clúdach sláinte uilíoch **a bhaint amach lena n-áirítear rochtain ar shláinte agus ar chearta gnéis** agus rochtain chomhionann ar chúram sláinte **lena n-áirítear trí neamhionannais inscne agus thrasnacha i gcórais sláinte a chomhrac;**

Leasú 56

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe g – pointe iii a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(iii a) Tacaíocht chun dálaí oibre na foirne leighis agus cúraim sláinte a fheabhsú;

Leasú 57

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe g – pointe xi**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(xi) Tacú le feidhmiú na Líonraí Tagartha Eorpacha agus le bunú agus oibriú líonraí nua trasnáisiúnta arna leagan amach i gcomhréir le reachtaíocht sláinte an Aontais, agus tacú leis an méid a dhéanfaidh na Ballstáit chun gníomhaíochtaí na líonraí sin a chomhordú le hoibriú na gcóras sláinte náisiúnta;

Leasú

(xi) Tacú le feidhmiú na Líonraí Tagartha Eorpacha agus le bunú agus oibriú líonraí nua trasnáisiúnta arna leagan amach i gcomhréir le reachtaíocht sláinte an Aontais, agus tacú leis an méid a dhéanfaidh na Ballstáit chun gníomhaíochtaí na líonraí sin a chomhordú le hoibriú na gcóras sláinte náisiúnta; ***beidh gach líonra cistithe comhdhéanta de 50% ar a laghad de mhná agus beidh san áireamh iontu saineolaithe maidir le sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe agus gnéithe eile den tsláinte a bhaineann le hinscne;***

Leasú 58

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe h a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(h a) Gníomhaíochtaí maidir le seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe:

(i) Tacú le Ballstáit agus ENRanna maidir le rochtain uilíoch ar sheirbhísí sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a chur chun cinn agus a sholáthar lena n-áirítear pleanáil clainne, faisnéis agus oideachas, agus sláinte atáirgthe a chomhtháthú i straitéisí agus i gcláir náisiúnta i gcomhréir le Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt agus Clár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht agus doiciméid toraidh a gcomhdhálacha athbhreithnithe agus SDGanna 3 agus 5 na Náisiún Aontaithe;

(ii) Gníomhaíochtaí a thacaíonn le rochtain ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe agus cógais agus táirgí

gaolmhara;

(iii) Gníomhaíochtaí a thacaíonn le leanúnachas cúraim gnéis agus atáirgthe (cuir chuige cúraim chomhtháite agus thrasnála maidir le cosc, diagnóisiú, cóir leighis agus cúram leantach);

Leasú 59

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe h a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(h a) Gníomhaíochtaí maidir le saincheisteanna sláinte a bhaineann le foréigean inscne agus tacú le hothair atá ina n-íobartaigh ar fhoréigean inscne;

(i) Gníomhaíochtaí a choisceann agus a lagdaíonn foréigean in aghaidh na mban a bhfuil fadhbanna acu nó atá faoi mhíchumas;

(ii) Gníomhaíochtaí chun tacú le saincheisteanna a bhaineann le sláinte íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban, lena n-áirítear aimridiú éigeantais agus ginmhilleadh éigeantais;

(iii) Oiliúint agus fothú acmhainneachta do ghairmithe chun tacú le híospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban;

(iv) Feachtais ardaithe feasachta maidir le cearta agus rochtain ar cheartas d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban.

Leasú 60

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe i – pointe iv**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(iv) Tacú le gníomhaíocht lena n-áiríteofar go mbeidh fáil níos mó ar chógais agus ar fheistí leighis san Aontas agus cuidiú lena n-inacmhainneacht d’othair agus do chórais leighis;

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn I – pointe j – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(ii) Tacú le claochlú digiteach an chúraim sláinte agus na gcóras sláinte lena n-áirítear trí thagarmharcáil agus forbairt acmhainní chun dul i muinín uirlisí agus teicneolaíochtaí nuálacha; uas-sciliú digiteach na ngairmithe cúraim sláinte;

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn II – cuid I – pointe iii a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin Iarscríbhinn II – cuid I – pointe III b (nua)

Leasú

(iv) Tacú le gníomhaíocht lena n-áiríteofar go mbeidh fáil **agus inrochtaineacht** níos mó ar chógais agus ar fheistí leighis san Aontas agus cuidiú lena n-inacmhainneacht d’othair agus do chórais leighis;

Leasú

(ii) Tacú le claochlú digiteach an chúraim sláinte agus na gcóras sláinte lena n-áirítear trí thagarmharcáil agus forbairt acmhainní chun dul i muinín uirlisí agus teicneolaíochtaí nuálacha; uas-sciliú digiteach na ngairmithe cúraim sláinte, **go háirithe chun an bhearna dhigiteach inscne a dhúnadh;**

Leasú

III a. An líon gníomhaíochtaí agus dea-chleachtas lena rannchuidítear go díreach le SDG 3.7/Ballstát.

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

III b. An líon gníomhaíochtaí agus dea-chleachtas lena rannchuidítear go díreach le SDG 5/Ballstát.

Leasú 64

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – cuid I – pointe III c (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

III b. Buiséad leithdháilte ar ghníomhaíochtaí agus dea-chleachtas lena rannchuidítear go díreach le SDG 3.7/Ballstát.

Leasú 65

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – cuid I – pointe III d (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

III d. Buiséad leithdháilte ar ghníomhaíochtaí agus dea-chleachtas lena rannchuidítear go díreach le SDG 5/Ballstát.

Leasú 66

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – cuid 2 – pointe 8 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

8 a. Ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha

Leasú 67

**Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – cuid 2 – pointe 14 a (nua)**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

***14 a. Bearna phá idir na hinscín sa
lucht saothair cúraim sláinte***